
# Ceiliúradh na dTorthaí




***Tom Fahy**, cumadóir ceoil, **John Spillane**, amhránaí agus **Mait Ó Brádaigh** a rinne an taighde ar Stádas na Gaeilge i mBaile Locha Riach.*

Tháinig slua breá le chéile le ceiliúradh a dhéanamh ar thorthaí Shuirbhé ar Stádas na Gaeilge i mBaile Locha Riach le deireannas.

Thug **Mait Ó Brádaigh** léargas iontach éifeachtach ar an staidéar beacht a bhí idir lámha aige. Rinne sé an taighde seo agus é ag dul do Chúrsa i bPleanáil Teanga in Acadamh na hOllscoile Gaeilge (NUIG), An Ceathrú Rua. Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go mór leis an togra seo chomh maith. Is cinnte go bhfuil torthaí iontach dearfach i dtaobh na Gaeilge agus is mór an spreagadh do Ghaeil na háite go bhfuil tacaíocht nach beag acu.

Beidh na torthaí ar fad clóite i gcomhar le CD agus seolta go hoifigiúil 24 Samhain. Ag an phointe sin, beidh le feiceáil cén tionchar a bhéas ag a leithéid do phleananna i mBaile Locha Riach.

Ócáid ceiliúrtha a bhí san imeacht seo ag Gaeil na háite i ndáiríre, rud a bhí eagraithe don phobal ag Coiste Ghlór na nGael i gcuideachta le Gaeilge Locha Riach agus é maoinithe ag Foras na Gaeilge. Bhí scoláirí áitiúla ó Ghaelscoil Riabhach i mbun ceoil is damhsa agus cur i lathair den scoth déanta acu. Caithfidh a rá, gur bhain cách an-sult as an cheolchoirm speisialta le **John Spillane**. Is cumadóir amhránaíochta den scoth é gan amhras agus bhí éileamh nach beag air roinnt amhráin a chasadh ó 'Irish songs we learned at school'.
Seá… chuir sé an halla ar fad ag canadh agus mar a deirtear: "Níor chaill sé riamh é!"

# Celebrating Good Results



*Seo cuid de na scoláirí a chuir tús le himeachtaí 'Ag Ceiliúradh na dTorthaí':* ***Eoin Kennington****,* ***Ella Nic Lochlainn****,* ***Breandán Ó Curraoin****,* ***Úna Ní Fhlannagáin****, (múinteoir ceoil),* ***Órla Ní Churraoin*** *agus* ***Muireann Ní Bhaoill****.*

A great crowd gathered recently to celebrate the results of an Irish Language survey completed in Loughrea.

**Mait Ó Brádaigh** gave a very effective insight into the intense survey that he has just completed. This survey was done in conjunction with the Irish Language Planning Course in Acadamh na hOllscoile (NUIG), An Ceathrú Rua and Galway County Council. It is clear from the results that there is quite a lot of support for Irish Language initiatives, which gives the local Gaels great encouragement in their work.

These results will be published in full along with CD including all material dealing with the research. This will be officially launched on 24 November. At this point, it will be seen what affect this will have on plans for Loughrea.

This was really an occasion of celebration that *Coiste Ghlór na nGael* and *Gaeilge Locha Riach* organized with sponsorship from *Foras na Gaeilge*. Local scholars from *Gaelscoil Riabhach* provided much of the music, song and dance at the start of the evening. It must be said that the highlight of the evening was the special concert performed by **John Spillane**.

The two-time winner of the meteor award in the best folk/trad category, **John Spillane** gave a mix of melodic tunes, entertaining stories and there was great demand for some of the hits from '*Irish songs we learned at school*'.

Indeed… he had the whole hall singing along 'as Gaeilge'…agus mar a deirtear: "*Níor chaill sé riamh é!*"